DÁMHACHTAIN NA COMHAIRLE EALAÍON CHUN FREAGAIRT DO GHÉARCHÉIM COVID-19

Ceisteanna Coitianta - 9 Aibreán 2020

POINTÍ TÁBHACHTACHA NACH MÓR CUIMHNEAMH ORTHU

- Is chun cúnamh breise a thabhairt iad na ceisteanna coitianta seo. Ba cheart duit na Treoirlínte a léamh sula léann tú na Ceisteanna Coitianta seo.
- Déantar na Ceisteanna Coitianta a nuashonrú ó am go ham, bunaithe ar cheisteanna a fhaighimid ó ealaíontóirí, mar sin, is ceart iad a sheiceáil amach anseo chun an leagan is nuashonraithe a fháil.
- Má tá ceisteanna sainiúla agat maidir le d'fhoirm ealaíne féin, nó do réimse cleachtais féin, is ceart dul i dteagmháil leis an bhfoireann ábhartha laistigh den Chomhairle Ealaíon.

1. Cén spriocdháta atá ann chun iarratas a dhéanamh?

Is é **5.30 pm Déardaoin, 16 Aibreáin** an spriocdháta. Mar sin féin, molaimid go láidir duit go mbeadh d'iarratas réidh agat agus go gcuirfeá isteach é cúpla lá roimh an spriocdháta, d'fhonn aon fhadhb a d'fhéadfadh a bheith agat ag an nóiméad deireanach a sheachaint. Ina theannta sin, sa chás nár chláraigh tú le haghaidh cuntas ar líne leis an gComhairle Ealaíon, ba cheart duit é sin a dhéanamh láithreach, mar is féidir cúig lá a bheith i gceist chun é sin a phróiseáil.

2. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain seo oscailte d'ealaíontóirí atá ag obair i seánra ar bith sna healaíona a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leo faoi láthair.

3. Cé mhéad ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Is fiú €3,000 an dámhachtain. Is é sin an méid a chaithfidh tú a iarraidh agus an méid a gheobhaidh tú má éiríonn le d'iarratas.

4. An féidir iarratas a dhéanamh ar chostais a bhaineann le trealamh nó ábhair?

Is é príomhfhócas na dámhachtana thú a íoc as an d'am. Cé go bhfuil an seans ann go mbeidh roinnt costas a bheidh ort íoc astu as do phóca féin, ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar chostais sa bhreis a bhaineann go sonrach le cruthú do shaothair lena scaipeadh ar líne. Is é an smaoineamh atá ann go gcruthaíonn tú an ealaín a chruthaíonn tú de ghnáth agus a bhfuil na socruithe agat cheana féin ina leith, nó go gcruthaíonn tú

ealaín is féidir leat a chruthú go réasúnta éasca leis na hábhair agus an teicneolaíocht atá agat cheana féin.

5. Cathain a gheobhaidh mé freagra i ndiaidh dom iarratas a dhéanamh?

Tá súil againn go mbeimid in ann cinntí a dhéanamh faoi cheann coicíse nó trí seachtaine, a bheag ná a mhór, ach braithfidh sé sin ar líon na n-iarratas a fhaighimid.

6. Cén seans atá agam maoiniú a fháil?

Braitheann sé sin ar líon na ndaoine a chuireann isteach ar an scéim, ach táimid ag tnúth go mbeidh éileamh an-ard ina leith. Is é sin an chúis a ndearnamar gach iarracht an próiseas iarratais a dhéanamh a shimplí agus a ghairide agus is féidir.

7. An gá go mbeadh taithí agam cheana féin ar shaothar a chruthú le scaipeadh ar líne?

Ní gá. Nuair a dhéanann tú iarratas, ba cheart duit díriú ar do smaoineamh féin, ach ní mór go mbeadh an coincheap oiriúnach don scaipeadh digiteach, ar ndóigh, agus/nó don chraoladh nó dá scaipeadh ar shlí eile nach dteastaíonn bailiúchán daoine, rud a sháródh an treoir reatha maidir le sláinte an phobail le linn na paindéime Covid-19.

8. An féidir liom comhoibriú le duine eile?

Is é príomhfhócas na scéime tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí aonair. Féadfaidh tú comhoibriú más mian leat, ach ní mór cead an duine a fháil agus a áirithiú go n-íocfar é/í as an am a chaitheann sé/sí ag oibriú. Ar ndóigh, laghdóidh sé sin an méid iomlán ar féidir leat thú féin a íoc chun do phíosa féin a fhorbairt.

9. An gcoimeádfaidh mé cóipcheart mo shaothair?

Coimeádfaidh, is ag an ealaíontóir a chruthaigh an saothar a bheidh an cóipcheart i gcónaí. Beidh lánchead agat an saothar a scaipeadh thú féin trí chainéil meán eile agus ar líne más mian leat. Sa chás sin, ba cheart duit maoiniú ón gComhairle Ealaíon a aithint sa ghnáthbhealach.

10. An féidir liom sraith rudaí a dhéanamh in imeachta ama, cuir i gcás saothar nua in aghaidh na seachtaine?

Ag glacadh leis go bhfuil an tréimhse dianghlasála a bhaineann le Covid-19 éiginnte, ba cheart go mbunófar tograí ar smaoineamh ar féidir a thairgeadh in aon am amháin.

Déanfar tograí ina gcuirfear roinnt saothar i láthair ag an am céanna agus a bhfuil nasc téamach idir na saothair sin (e.g. taispeántas ar líne nó bailiúchán filíochta) a bhreithniú, ach ní bhreithneofar tograí faoina gcruthófar saothair éagsúla a bhaineann le níos mó ná téama amháin.

11. An gcaithfidh go mbainfeadh an saothar le paindéim Covid-19?

Ní chaithfidh. Féadfar an saothar a bhunú ar ábhar ar bith. Cé go bhfuil roinnt samplaí tugtha againn sa treoir, féadfaidh an saothar a bheith i bhfoirm ar bith, chomh fada is a

bheidh sé oiriúnach le scaipeadh ar bhealach nach sáróidh an treoir reatha maidir le sláinte an phobail le linn na paindéime Covid-19.

12. Is scoláire mé, an féidir liom iarratas a dhéanamh?

Ní féidir, níl daoine aonair ar scoláirí lánaimseartha nó páirtaimseartha iad nuair a dhéantar an t-iarratas i dteideal iarratas a dhéanamh.

13. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar mo ghuthán nó ar ghléas táibléid?

Ní féidir. Ní thacaíonn tairseach na Comhairle Ealaíon le haghaidh iarratais ar líne – Seirbhísí ar Líne – le gutháin phóca ná le gléasanna táibléid. Ba cheart duit ríomhaire nó ríomhaire glúine a úsáid. Tá faisnéis theicniúil maidir leis an ngné seo le fáil sa cháipéis treoirlínte.

14. An bhfuil dáta ann faoina gcaithfidh an saothar a bheith réitithe agam?

Is féidir an saothar a chríochnú suas go dtí deireadh 2020.

15. An gcaithfidh an saothar a chruthóidh mé a bheith ina shaothar digiteach?

Ní chaithfidh. Is gá go mbeifear in ann an saothar a scaipeadh nó a chraoladh ar shlí nach rachaidh in aghaidh na dtreoirlínte reatha faoi shláinte an phobail. Más trí bhíthin craoladh analóige nó i gcló é sin, beidh sin sásúil. Is é réasúnacht an chuir chuige sin, nach mbeidh ar an bpobal taisteal nó bailiú le chéile lasmuigh de ghrúpaí teaghlaigh/líon tí chun sult a bhaint as.

16. An gcaithfidh an pobal an saothar a fheiceáil?

Caithfidh. Tá dhá chuspóir leis an dámhachtain; táille a sholáthar d'ealaíontóirí as a gcuid ama chun saothar a chruthú agus rochtain ar ealaín nua a chur ar fáil don phobal.

17. Sa chás go n-éiríonn liom, an mbeidh mé in ann iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon i mbliana?

Beidh. Beidh daoine a dhéanann iarratas ar mhaoiniú, nó a fhaigheann maoiniú trí bhíthin an dámhachtain Covid-19 fós incháilithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú eile de chuid na Comhairle Ealaíon - ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na critéir iarratais - amhail An Chéad Ghlúin Eile agus Sparánacht, Babhta 2.

18. An bhfuil scéim ann ina bhféadfaidh mé iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú a chuirfidh ar mo chumas mo chleachtas nó mo smaointe a fhorbairt i rith na géarchéime Covid-19, nach mbeidh cur os comhair an phobail mar choinníoll ina leith?

Tá an Chomhairle Ealaíon ag obair air sin agus táimid á phlé lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní féidir a rá le cinnteacht ar bith faoi láthair cad a dhéanfar maidir leis sin, ach is maith is eol dúinn go bhfuil gá leis sin i bpobal na n-ealaíon.

19. An gcuirfear mo shaothar ar Facebook?

Ní chuirfear. Níl aon socrú ag an gComhairle Ealaíon le Facebook maidir le saothar ealaíontóirí a scaipeadh.

20. An fíor nach féidir liom an dámhachtain seo a fháil agus Íocaíocht Éigeandála Covid-19 an Rialtais a fháil freisin?

Is é seo a leanas an chomhairle a fuair an Chomhairle Ealaíon ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí:

> *Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar scéim na Comhairle Ealaíon má tá Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime an Rialtais á fáil agat. Sa chás go bhfaigheann tú dámhachtain faoi Dhámhachtain na Comhairle Ealaíon chun Freagairt do Ghéarchéim Covid-19 áfach, moltar duit comhairle a lorg ó d'oifig coimirce sóisialaí áitiúil.*
>
> https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-gnothai-fostaiochta-agus-coimirce-soisialai/

21. Conas a gheobhaidh mé cabhair le m'iarratas a dhéanamh?

Má tá aon cheist ghinearálta agat faoi do thogra, ba cheart duit dul i dteagmháil leis an bhfoireann réimse ealaíne is gaire do do réimse cleachtais. Tá sonraí teagmhála ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon anseo:

http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/

Má tá aon cheist theicniúil agat, féadfaidh tú ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices.ie, nó glaoch a chur ar **01 618 0200.**

Tabhair faoi deara go mbíonn tráthnóna spriocdháta ár gclár maoinithe an-ghnóthach de ghnáth. Is é sin an chúis a molaimid go mór d'iarratasóirí a dtograí a réiteach agus a dhéanamh go tráthúil, cúpla lá roimh an spriocdháta go hidéalach. Sa bhealach sin, bheadh neart ama agat teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus beimid in ann cuidiú leat.

22. Cén áit ar féidir liom tuilleadh sonraí a fháil?

Leagtar an fhaisnéis uile a bhaineann leis an dámhachtain amach sna treoirlínte atá foilsithe ar an leathanach Maoiniú ar Fáil dár suíomh gréasáin.